




# An Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

*Achoimre ar Sheisiún 3*

**[12-14 Aibreán 2024]**











# I mbeagán focal...

Ag an tríú seisiún, an seisiún deireanach, den Phainéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, tháinig timpeall 150 rannpháirtí ó gach cearn den Aontas le chéile sa Bhruiséil an 12-14 Aibreán. Chaith siad an deireadh seachtaine ag plé moltaí na saoránach agus ag cur bailchríoch leo.

A bhuíochas dá ndíograis, ghlac na saoránaigh le 13 mholadh a chlúdaíonn trí thopaic earnálacha den chuid is mó (foirgnimh, iompar, agus bonneagar fuinnimh) agus trí cheist uileghabhálacha (ceartas sóisialta, an tAontas i ngeilleagar domhanda agus díriú ar leasanna na ngníomhaithe éagsúla). Tar éis vóta ballóide, tugadh na moltaí deireanacha do Maroš Šefčovič, Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh atá i gceannas ar an gComhaontú Glas don Eoraip, ar an gCaidreamh Idirinstitiúideach agus ar an bhFadbhreathnaitheacht.

## Cad a tharlóidh anois?

Tá coinne leis go mbainfear leas as moltaí na saoránach agus tionscnaimh an Choimisiúin á gceapadh amach anseo, togra ón gCoimisiún le haghaidh Moltaí maidir le Céadphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh go sonrach, níos déanaí sa bhliain.

## Bí i dteagmháil!

Beimid i dteagmháil libh ar fad chun imeacht aiseolais a eagrú ag a bpléifimid an chaoi a bhfuil bhur gcuid moltaí curtha san áireamh againn.

Ba mhaith linn fanacht i dteagmháil libh as seo amach freisin. Mar sin, táimid ag cur tús le gréasán *alumni* do rannpháirtithe i bPainéil Saoránach Eorpach agus i dtionscadail eile Eorpacha um rannpháirtíocht saoránach. **Mura bhfuil** tú ag iarraidh a bheith páirteach sa líonra sin, cuir r-phost chugainn ag COMM-CITIZENS-PANELS@ec.europa.euagus bainfimid d'ainm den liosta seoltaí.

Feicfidh tú rogha grianghraf ó na seisiúin Painéil sa ghailearaí anseo. Ná bíodh leisce ort iad a roinnt le do chairde, le do theaghlach, agus le do líonraí sóisialta!

Scaipeann Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh sa Choimisiún nuachtlitir mhíosúil a chlúdaíonn na scéalta, na himeachtaí agus na foilseacháin is deireanaí a bhaineann le cúrsaí fuinnimh. Is féidir leat liostáil tríd an nasc seo.

Tá tuilleadh eolais faoi bheartas fuinnimh an Aontais le fáil ar an suíomh gréasáin: Fuinneamh - an Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Nó lean sinn ar X (ar a dtugtaí Twitter roimhe seo): (21) Energy4Europe EU (@Energy4Europe) / X (twitter.com)

Tá an díospóireacht ar líne maidir le héifeachtúlacht fuinnimh fós ar oscailt ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach. Déan cinnte súil a chaitheamh air agus roinn do thuairimí faoi phlé an Phainéil le saoránaigh ó gach cearn den Aontas.

# Cad is féidir linn a fhoghlaim ón seisiún deireanach seo?

## Lá 1: Achoimre ar an seisiún roimhe, aiseolas ón gCoiste Eolais, agus ullmhú na grúpaí oibre

Ar an Aoine, bhailigh saoránaigh le chéile go hiomlánach chun plé a dhéanamh le baill an Choiste Eolais, ag filleadh ar an tsaincheist **'Cén chaoi ar féidir leis an Aontas Eorpach tosaíocht a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh agus a tairbhe iomlán a chur ar fáil do shaoránaigh, d'údaráis phoiblí agus d'fhiontair?'.**

Ag tús an tseisiúin, thug Paula Pinho, **an Stiúrthóir um Aistriú Cóir, Tomhaltóirí, Slándáil Fuinnimh, Éifeachtúlacht agus Nuálaíocht ag AS Fuinneamh,** aiseolas ar na dréachtmholtaí a d'fhorbair na saoránaigh, agus béim ar thús áite a thabhairt don éifeachtúlacht fuinnimh. Mar a dúirt sí: '*Tá an Painéal Saoránach Eorpach seo tar éis muid a thabhairt ar aistear iontach; ba rud nua é daoibh, agus dúinne freisin. Ba mhaith an rud é ionchur a fháil go díreach ó shaoránaigh ar bheartas éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais agus chuir sé an-léargas ar fáil dúinn. Díríonn bhur moltaí ar théamaí ar mhaith linn réiteach*



*a fháil orthu: praghsanna fuinnimh, ceartas sóisialta, pobail fuinnimh, agus iompar. Ag an am céanna, tá peirspictíocht nua agus úr tugtha agaibh.'*

Ansin, rinne baill an Choiste Eolais barúil maidir leis na dréachtmholtaí:

**Reinhard Six, Sainchomhairleoir Neamhspleách agus saineolaí ar mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh:** *'Agus muid ag caint ar thosaíocht na héifeachtúlachta fuinnimh, ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh i réimsí lena laghdófar an tomhaltas fuinnimh. Cén chaoi é sin ar fad a mhaoiniú ar bhealach atá brabúsach d'infheistitheoirí (úinéirí réadmhaoine, údaráis poiblí, cuideachtaí)?'*



*Arianna Vitali Roscini*, **Ardrúnaí, Comhghuaillíocht an Choigiltis Fuinnimh:** *'Tá dhá mholadh i réimse an iompair. Is fuinneamh le haghaidh iompair 30 % den fhuinneamh a ídítear san Eoraip. Tá tionchar díreach ag na roghanna soghluaisteachta a dhéanaimid ar ár n-ídiú fuinnimh, ní mór dúinn a bheith cinnte go dtabharfaimid tús áite do mhodanna iompair leictreacha poiblí agus príobháideacha.'*

**Robert Nuij, Leas-Cheann Aonad um Beartas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Maoiniú, AS ENER,** *'Díríonn roinnt mhaith moltaí ar an leibhéal áitiúil, mar shampla ar phobail fuinnimh, agus is luachmhar an rud é sin toisc gur thug sé léargas díreach dúinn ar thaithí na ndaoine 'ar an láthair'.'*

San iarnóin, roinneadh na saoránaigh i ndá fho-ghrúpa iomlánacha chun na dréachtmholtaí a phlé agus smaointí a mhalartú.

## Lá 2: Na moltaí a chur i gcrích




Ar an Satharn, d'oibrigh na saoránaigh i12ghrúpa chun a gcuid moltaí a chur i gcrích. Thosaigh an seisiún le plé ar sheisiúin na hAoine agus socraíodh cé na rudaí ar cheart aird a thabhairt orthu le linn an lae. D'ainmnigh gach grúpa 'ionadaí' chun toradh an phlé tosaigh ar mholtaí an ghrúpa a chur i láthair agus iad a nascadh le dréacht comhchosúil nó gaolmhar.

Le linn an dara cuid den seisiún, thug na rannpháirtithe aird ar na príomhcheisteanna ba ghá chun críoch a chur lena gcuid moltaí:

- *Cén fáth a bhfuil an moladh seo tábhachtach duit?*
- *Céard iad na comhbhabhtálacha ar féidir leat glacadh leo?*
- *Cén chaoi a gcuireann sé le héifeachtúlacht fuinnimh agus cén chaoi ar féidir leis cabhrú chun 'Céadphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh' a chur san áireamh sa chinnteoireacht?*
- *Céard a athróidh san Eoraip má chuirfear an moladh seo i bhfeidhm?*
- *Céard iad na hathruithe i do shaol féin agus i saol do phobail?*

Bhí baill den Choiste Eolais ar fáil chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna faoi éiginnteachtaí, ceisteanna i bhfoirm scríofa nó ar an láthair. Ag deireadh an lae, díríodh isteach ar chorp téacs na moltaí a bheachtú (teideal, míniú, údar cuí) chun soiléireacht agus cruinneas a chinntiú. Rinne éascaitheoirí comhthoil sna grúpaí a chinntiú.

## Lá 3: Na moltaí deireanacha a chur i láthair agus vótáil a dhéanamh orthu

Ar an Domhnach, ba i seisiún iomlánach a bhí na saoránaigh arís chun na 13 mholadh dheireanacha a chur i láthair agus vótáil a dhéanamh orthu. Vótáil na saoránaigh ar gach moladh agus scála 1 go 6 á úsáid acu chun neart a gcuid tacaíochta a léiriú.




Rinneadh comhaireamh ar na vótaí i láthair breathnóirí saoránach chun trédhearcacht a chinntiú. Chuir an painéalaí is sine, Antanas, agus an painéalaí is óige, Martina, i láthair iad go pearsanta don **Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Maroš Šefčovič**.

Ghabh an **Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin, Maroš Šefčovič** buíochas leis na 150 saoránach as a rannpháirtíocht, a ndíograis agus ndúthracht **ó bhí mí Feabhra ann**.

Chun críoch a chur leis an bPainéal Saoránach Eorpach, ghabh **Richard Kuehnel**, **an Stiúrthóir um Ionadaíochtaí agus um Chumarsáid sna Ballstáit, an Coimisiún Eorpach (AS COMM),** buíochas leis na saoránaigh as a rannpháirtíocht agus a ndíograis ar feadh na trí sheisiún sin, *'Chuaigh bhur gcuid oibre agus bhur moltaí, atá an-dírithe, i bhfeidhm ar mo chomhghleacaithe in AS ENER. Is saineolaithe sibh anois i gcúrsaí fuinnimh agus i gcúrsaí daonlathais. Beidh tuarascáil á foilsiú againn chun freagra a thabhairt ar bhur moltaí, agus coinneoimid i dteagmháil libh.'*

## An Clár Oibre do Sheisiún 3

| LÁ 1 | |
|---|---|
| 14:30 - 15:10 | Focal fáilte ó AS ENER (Paula Pinho) agus AS COMM agus súil siar ar Sheisiún 2 |
| 15:10 - 16:20 | Seisiún Iomlánach: Na dréachtmholtaí a ailíniú le Céadphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh: Plé |
| 16: 50 - 18:25 | Fo-sheisiún 1 (Seomra Gasperi): Aiseolas ar mholtaí 1-6 ón gCoiste Eolais agus ón bplé.<br>Fo-sheisiún 2 (Seomra Mansholt): Aiseolas ar mholtaí 7-12 ón gCoiste Eolais agus ón bplé. |

| | |
|---|---|
| **18:25 - 18:30** | Dearcthaí (sna fo-sheisiúin) |
| **LÁ 2** | |
| **09:00 - 10:30** | An 1ú bhloc oibre: Achoimriú ar ionchur na hAoine + aiseolas a thabhairt ar mholtaí na ngrúpaí eile |
| **11:00 - 12:30** | An 2ú bloc oibre: Plé chun na moltaí a dhaingniú |
| **14:00 - 15:30** | An 3ú bloc oibre: Aiseolas a thabhairt ar mholadh grúpa eile (30’), ionadaí a sheoladh go dtí grúpa eile le haghaidh ceisteanna agus freagraí (15’), eagarthóireacht a dhéanamh ar mholtaí an ghrúpa féin (45’) |
| **16:00 - 17:30** | An 4ú bloc oibre: Eagarthóireacht dheireanach na moltaí<br>Aiseolas agus dearcadh ar an Domhnach |
| **LÁ 3** | |
| **09:30-09:50** | Spreagadh fuinnimh agus fáilte ar ais<br>Rannpháirtíocht saoránach agus súil acu ar an Ionad Faisnéis agus Eolais |
| **09:50 - 11:20** | Moltaí 1-8 a chur i láthair agus a phlé<br>Measúnú comhchoiteann ar mholtaí 1-8 |
| **11:50 - 12:30** | Moltaí 9-12 a chur i láthair agus a phlé<br>Measúnú comhchoiteann ar mholtaí 9-12 |
| **12:30 12:45** | Fáilte a chur roimh an Leas-Uachtarán FeidhmiúcháinMaroš Šefčovič: Agallamh gairid<br>Grianghraf den ghrúpa leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Maroš Šefčovič |
| **12:45 13:20** | Torthaí vótála i láthair an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin Maroš Šefčovič |
| **13:20** | Slán ó AS COMM (Richard Kuehnel) agus ón bhFoireann Modhnóireachta |

| | |
|---|---|
| **13:30** | |

Cliceáil anseo chun féachaint ar an taifead de sheisiún iomlánach

Cliceáil anseo chun féachaint ar an taifead de sheisiún iomlánach

# Rannpháirtithe le linn na seisiún iomlánach

**Jan Rosenow,** *Stiúrthóir na gClár Eorpach, an Tionscadal um Chúnamh Rialála*

**Robert Nuij,** *Leas-Cheann Aonad um Beartas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Maoiniú, AS ENERGY*

**Pierre Schellekens**, *Stiúrthóir, Straitéis agus Comhordú um Beartas Fuinnimh, AS ENERGY*

**Arianna Vitali Roscini,** *Ardrúnaí, Comhghuaillíocht an Choigiltis Fuinnimh*

**Camille Defard,** *Ceann Ionad Fuinnimh Jacques Delors*

**Reinhard Six,** *Sainchomhairleoir neamhspleách agus saineolaí ar mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh*

# Buaicphointí an Phainéil, dar libh

**Anthony, Málta,** *'Ba bhuaicphointe dom é bualadh le daoine ó gach cearn den Eoraip toisc go bhfoghlaimítear an oiread sin ó dhaoine eile. Ba shin an chéad uair domsa freisin an tAontas a fheiceáil ag dul i bhfíortheagmháil le saoránaigh. Ba fhíordheas an eispéireas é.'*

**Isabel, an Phortaingéil,** *'Measaim gurbh é an tráth ba thábhachtaí é an chéad seisiún iomlánach, bhí sé go hiontach, thuig mé i gceart go raibh na 27 dtír tagtha le cheile chun obair ar ábhar ar leith. Ba fhíorshaothar de dhaonlathas rannpháirteach é agus thaitin sé go mór liom.'*

**Lora, an Bheilg,** *'Dá mbeadh orm cuimhneamh ar thráth amháin, phiocfainn an chéad Satharn le linn na ngrúpaí oibre nuair a roinneamar sainiúlachtaí agus cosúlachtaí ár dtíortha ó thaobh na héifeachtúlachta fuinnimh de. Bhí sé fíorshuimiúil'.*

**Paul, an Fhrainc,** *'Tráth amháin a fhanfaidh i mo chuimhne ón bPainéal seo is ea éagsúlacht na gcultúr agus saibhreas an ionchuir. Tá neart foghlamtha agam faoi thíortha éagsúla, agus b'iontach an eispéireas dom é.'*

**Felipe, an Spáinn,** *'Ba shin mo chéad uair riamh dul thar lear. Chuaigh mé ar eitleán den chéad uair i mo shaol. Bhí sé an-tairbheach bualadh le daoine ón Spáinn agus ó gach cearn den Eoraip. Táim fíorbhuíoch as an deis seo.'*

**Christophe, an Ostair,** *'In ainneoin na ndifríochtaí tuairime a bhí againn, d'éirigh linn obair le cheile agus teacht ar chomhaontú. Ghlac gach duine páirt agus d'fhoghlaim mé go leor faoin téama éifeachtúlacht fuinnimh.'*


# Príomhléargais ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach


| | | | |
|---|---|---|---|
| 150 Ionchur leathanaigh | 43 951 Cuairteoir | 83 548 | Amharc |
| 782 Cuntais tacaíochta | 124 Trácht | 201 | Ráitis |

Caith súil ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach


## An deireadh seachtaine trí shúile ár dtaifeadóra ghrafaigh, Sylvain Mazas

Le haghaidh Sheisiún 3, chuir Sylvain Mazas na moltaí deireanacha i láthair le grafaicí. Tugtar léargas thíos ar a chuid oibre, ina léirítear conas a thaispeáin sé imeachtaí an tseisiúin iomlánaigh ar bhealach físiúil tarraingteach, rud a chuir go mór le dinimic an tseisiúin.






# Na 13 Mholadh Dheireanacha

Seo hiad na 13 mholadh dheireanacha a chuir sibh faoi bhráid an Choimisiún Eorpach. Faoi láthair, níl siad ar fáil ach i mBéarla. Coinneoimid ar an eolas thú nuair a bheidh aistriúcháin go gach teanga eile ar fáil.